Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2023
(OR. en)

11151/23

ECOFIN 676
UEM 210
SOC 501
EMPL 352
COMPET 696
ENV 775
EDUC 288
RECH 320
ENER 411
JAI 922
GENDER 152
ANTIDISCRIM 146
JEUN 190
SAN 427

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9846/1/23 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 620 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta na hOstaire um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hOstaire 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, mar a pléadh sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach é, bunaithe ar an Moladh ón gCoimisiún COM (2023) 620 final.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta na hOstaire um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hOstaire 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1 IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (‘an tSaoráid’), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an an tSaoráid, soláthraítear tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus í mar spreagadh fioscach arna mhaoiniú ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, leis an tSaoráid, rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe agus a spreagann fás, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

2 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár sainaithníodh an Ostair inti mar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí. Mar sin, ní bheadh gá le grinn-athbhreithniú. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na hOstaire 2023. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[3] ('Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro') an 16 Bealtaine 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 13 Márta 2023.

(3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha araon, agus sa mheántéarma ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, ar thacaíocht a thabhairt d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach, ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus ar an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.

3 Moladh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 180, 23.5.2023, lch. 1).

(4) An 1 Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais le haghaidh Ré na Glan-nialasachta' ('Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais'). Is é is aidhm do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é ar na hiarrachtaí leanúnacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm dó freisin timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhar a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain níos tapúla ar mhaoiniú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha. An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht eile dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisíonn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Socraítear leis tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, bearta infheistíochta dea-dhírithe agus rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

(5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós bunriachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar mór díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin freisin ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

[4] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(7) An 8 Márta 2023, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach 2024 ('teachtaireacht an 8 Márta 2023'). Is é is aidhm di tacú le hullmhú chláir na mBallstáit um chobhsaíocht agus um chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D'éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d'áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma agus a mhéadódh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe agus iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gcláir um chobhsaíocht agus um chóineasú 2023 conas a áiritheoidh a bpleananna fioscacha go n-urramófar luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus go n-áiritheofar laghdú inchreidte leanúnach an fhiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántéarma. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freisin deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta arna dtabhairt isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh. Thug sé le fios, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh phraghas an fhuinnimh de, gur cheart do na Ballstáit na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar bhealach níos fearr. Luaigh an Coimisiún go ndéanfaí na moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil agus go ndéanfaí iad a fhoirmliú ar bhonn an ghlanchaiteachais phríomhúil, mar a mholtar sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais. Mhol sé gur cheart do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na hinfheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfaidh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, le nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

(8) An 26 Aibreán 2023, thíolaic an Coimisiún tograí reachtacha chun athchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí sin inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíocht. Sna tograí uaidh, díríonn an Coimisiún ar an úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ar an gcreat a shimpliú agus gluaiseacht i dtreo fócas níos meántéarmaí, in éineacht le forfheidhmiú éifeachtach agus níos comhleanúnaí. De réir na gConclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, is é an cuspóir atá ann an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.

(9) An 30 Aibreán 2021, chuir an Ostair a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire[5]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh á rá go bhfuil an Ostair tar éis na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chomhlíonadh go sásúil. Tuigtear gurb é atá i gceist le comhlíonadh sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

**5** 10159/2021 INIT; 10159/2021 COR 1; 10159/2021 ADD 1.

(10) An 26 Aibreán 2023 thíolaic an Ostair a Clár Náisiúnta um Athchóiriú don bhliain 2023 agus a Clár Cobhsaíochta don bhliain 2023, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Chun na naisc atá eatarthu a chur san áireamh, rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú don bhliain 2023 ar thuairisciú leathbhliantúil na hOstaire maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(11) An 24 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 don Ostair. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na hOstaire ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann maidir leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Leis an tuarascáil, rinneadh measúnú freisin ar dhul chun cinn na hOstaire ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(12) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh ginearálta rialtas na hOstaire ó 5.8 % de OTI in 2021 go 3.2 % in 2022, agus thit fiachas ginearálta an rialtais ó 82.3 % de OTI ag deireadh 2021 go 78.4 % ag deireadh 2022. An 24 Bealtaine 2023, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Pléadh staid bhuiséadach na hOstaire sa tuarascáil sin, ós rud é go raibh a heasnamh rialtais ghinearálta in 2022 os cionn 3 % de luach tagartha an Chonartha maidir le OTI. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh critéar an easnaimh. I gcomhréir leis an teachtaireacht an 8 Márta 2023, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua um easnamh iomarcach a thionscnamh in earrach na bliana 2023. Ina dhiaidh sin, shonraigh an Coimisiún go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023. Ba cheart don Ostair é sin a chur san áireamh agus buiséad 2023 á fhorghníomhú agus an dréachtphlean buiséadach do 2024 á ullmhú aici.

(13) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, is bearta iad a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. Sa bhliain 2022, áiríodh ar na bearta beartais fhioscaigh sin lena laghdaítear ioncam tabhairt isteach praghas-$CO_2$ a chur siar, laghdú ar thobhaigh ar fhuinneamh, agus liúntais chánach do chomaitéirí; agus maidir le bearta beartais fhioscaigh lena méadaítear caiteachas, bhí fóirdheontais costais fuinnimh do chuideachtaí, aistrithe cnapshuime chuig teaghlaigh, agus íocaíochtaí díreacha le pinsinéirí. Rinneadh costas na mbeart sin a fhritháireamh go páirteach le cánacha nua ar bhrabúis amhantair na dtáirgeoirí agus na soláthróirí fuinnimh. Measann an Coimisiún gurb é an glanchostas buiséadach a bhain leis na bearta sin in 2022 1.5 % de OTI. Ina theannta sin, an costas buiséadach a bhain le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin, costas a meastar a bheith ina 0.2 % de OTI in 2022, sin rud eile a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. An tráth céanna, an costas a mheastar a bhaineann le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, chuaigh an costas sin i laghad ionas gur 0.8 % de OTI a bhí ann in 2022, le hais 4.3 % in 2021.

(14) An 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle go gcoinneodh an Ostair[6] staid fhioscach thacúil in 2022, lena n-áirítear ón spreagadh a cuireadh ar fáil leis an tSaoráid agus go gcaomhnódh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta.

(15) De réir mheastacháin an Choimisiúin, staid fhioscach[7] thacúil a bhí ann in 2022, ag - 2.8 % de OTI, mar a mhol an Chomhairle. Mar a mhol an Chomhairle freisin, lean an Ostair de thacaíocht a thabhairt don téarnamh trí infheistíochtaí a mhaoinítear leis an tSaoráid. 0.2 % de OTI a bhí ann in 2022 le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais (0.2 % de OTI a bhí ann in 2021). Le hinfheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, cuireadh ranníocaíocht chrapthach 0.1 pointe céatadáin ar fáil don staid fhioscach[8]. Dá bhrí sin, níor chaomhnaigh an Ostair infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta nach bhfuil i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. An tráth céanna, sholáthair an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) rannchuidiú forleathnaitheach de 1.8 pointe céatadáin don staid fhioscach. Sa rannchuidiú forleathnaitheach suntasach sin, bhí tionchar breise na mbeart a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus tionchar sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh (glanchostas fioscach díreach breise de 1.5 % de OTI) a mhaolú, mar aon leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0.2 % de OTI). Dá bhrí sin, choinnigh an Ostair smacht leordhóthanach ar an bhfás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta.

---

6 Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hOstaire 2021 (IO C 304, 29.7.2021, lch. 93).

7 Is é an rud a bhíonn i gceist le tomhas na staide fioscaí an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim), gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh, ach lena n-áirítear caiteachas a mhaoinítear trí thacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas le hacmhainneacht fáis mheántéarmaigh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Bosca 1 sna Táblaí Staidrimh Fioscacha.

8 Leis an gcaiteachas caipitil eile a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go soláthrófar rannchuidiú forleathnaitheach 0.9 pointe céatadáin de OTI. Is é ceannach cúlchiste straitéiseach gáis de thart ar 0.8 % de OTI is cúis leis an rannchuidiú forleathnaitheach sin den chuid is mó.

(16) An cás maicreacnamaíoch atá ina bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár Cobhsaíochta 2023, is cás é atá i gcomhréir le réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún. Tá sé tuartha ag an rialtas go dtiocfaidh méadú 0.3 % ar an bhfíor-OTI in 2023 agus go dtiocfaidh méadú 1.8 % air in 2024. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh fíorfhás OTI níos airde de 0.4 % in 2023 agus fíor-ráta fáis OTI níos ísle de 1.6 % in 2024, go príomha de bharr fás níos airde ó thomhaltas príobháideach in 2023 agus fás níos ísle ó thomhaltas poiblí in 2024.

(17) Ina Clár Cobhsaíochta 2023, measann an rialtas go mbeidh an t-easnamh rialtais ghinearálta fós ag 3.2 % de OTI in 2023. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, síltear go dtiocfaidh laghdú ar an gcóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI ó 78.4 % ag deireadh 2022 go 77.0 % ag deireadh 2023. Tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais 2.4 % de OTI ann do 2023. Tá sé sin níos ísle ná an t-easnamh atá réamh-mheasta i gClár Cobhsaíochta 2023, go príomha mar gheall ar dhifríochtaí sna hionchais maidir leis an tionchar buiséadach a bheidh ag roinnt beart a bhaineann le fuinneamh, go háirithe maidir le fóirdheontais fuinnimh do chuideachtaí. An cóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI a thuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, beidh sé níos ísle – tuartar gur 75.4 % a bheidh ann ag deireadh 2023. Is é is cúis leis an difríocht idir an t-easnamh rialtais a bhfuil coinne leis.

(18) Na bearta a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go leanfaidh siad de thionchar a imirt ar chomhardú ginearálta an rialtais in 2023. Is éard atá iontu bearta ar cuireadh síneadh ama leo ó 2022 (go háirithe: maolú ar phraghsanna leictreachais) agus bearta nua, mar shampla scéim nua le haghaidh fóirdheontais ar chostais fuinnimh do chuideachtaí. Tá costas na mbeart sin fós á fhritháireamh go páirteach le cánacha ar bhrabúis amhantair na soláthraithe fuinnimh. Agus an t-ioncam sin á chur san áireamh, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar gur 1.8 % de OTI a bheidh i gceist le glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta in 2023[9]. De réir dealraimh, ní ar theaghlaigh leochaileacha ná ar ghnólachtaí leochaileacha atá formhór na mbeart dírithe in 2023, agus ní chaomhnaíonn siad an comhartha praghais chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar thoradh air sin, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar gurb é 0.4 % de OTI in 2023 méid na mbeart tacaíochta spriocdhírithe atá le cur san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh an mholta ón gComhairle an 12 Iúil 2022[10] (i gcomparáid le 0.2 % de OTI in 2022). Ar deireadh, deireadh a bheith á chur de réir a chéile le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, a measadh gurb ionann iad agus 0.8 % de OTI, meastar gur rud é sin a rachaidh chun sochair do chomhardú ginearálta an rialtais in 2023.

[9] Is ionann an figiúr agus leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le — i gcás inarb ábhartha — bearta caiteachais chaipitil.

[10] Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na hOstaire um Athchóiriú agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hOstaire 2022 (IO C 334, 1.9.2022, lch. 162).

(19) Sa Mholadh uaithi an 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Ostair gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh fás an chaiteachais reatha phríomha arna mhaoiniú go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais[11] in 2023, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach is leochailí agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine ar a dteitheadh ón Úcráin. Ba cheart don Ostair a bheith réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don Ostair freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais.

[11] Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar gur 8.6 %, i dtéarmaí ainmniúla, a bheidh san fhás aschuir féideartha meántéarmach a dhéanfaidh an Ostair (meán 10 mbliana), céatadán a úsáidtear chun an staid fhioscach a thomhas.

(20) Tá sé tuartha i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún gur staid fhioscach crapthach (+ 1.0 % de OTI a bheidh ann) in 2023, tráth a bhfuil boilsciú ard i gceist. Tagann sé sin i ndiaidh staid fhioscach forleathnaitheach a bheith ann in 2022 (- 2.8 % de OTI). Maidir leis an bhfás ar an gcaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, réamh-mheastar go gcuirfidh an fás ranníocaíocht chrapthach 0.3 pointe céatadáin ar fáil don staid fhioscach. Áirítear leis sin costas méadaithe na mbeart tacaíochta spriocdhírithe do theaghlaigh agus do ghnólachtaí is leochailí ó thaobh ardú praghsanna fuinnimh de 0.2 % de OTI. Mar achoimre, an fás a thuartar a thiocfaidh ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta, tá sé i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Meastar gur 0.3 % de OTI a bheidh i gceist leis an gcaiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais in 2023, agus meastar go soláthróidh infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta rannchuidiú forleathnaitheach 0.1 pointe céatadáin leis an staid fhioscach. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an Ostair infheistíocht bhreise a mhaoiniú tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais, agus táthar ag tuar go ndéanfaidh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú.[12] Tá sé beartaithe ag an Ostair infheistíocht phoiblí a mhaoiniú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, mar shampla rannpháirtíocht sa tionscadal tábhachtach um an micrileictreonaic agus an nascacht ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne, digiteáil na bhfiontar beag agus meánmhéide agus an riarachán poiblí chomh maith le córais téimh a athsholáthar, ar tionscadail iad a chistítear go páirteach leis an tSaoráid Téarnaimh le cistí eile de chuid an Aontais.

(21) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdófar an t-easnamh rialtais ghinearálta go 1.6 % de OTI in 2024. Is léiriú é an laghdú in 2024 go príomha ar an deireadh a bheidh á chur le bearta a bhaineann le fuinneamh de réir a chéile. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú go 75.1 % ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ag deireadh 2024. Ar bhonn na mbeart beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún easnamh rialtais 1.3 % de OTI in 2024. Tá sé sin cosúil leis an easnamh a thuartar i gClár Cobhsaíochta 2023. An cóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI a thuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, beidh sé níos ísle – tuartar gur 73.3 % a bheidh ann ag deireadh 2024.

---

12 Leis an gcaiteachas caipitil eile a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go soláthrófar rannchuidiú crapthach 0.9 pointe céatadáin de OTI. Is mar thoradh ar chúlchiste straitéiseach gáis a cheannach in 2022 atá an ranníocaíocht chrapthach sin atá ar fáil.

(22) Beartaítear le Clár Cobhsaíochta 2023 deireadh a chur de réir a chéile le beagnach gach beart tacaíochta fuinnimh in 2024, ag glacadh leis go mbeidh praghsanna fuinnimh fós ag ísliú. Glacann an Coimisiún leis freisin go gcuirfear deireadh le bearta tacaíochta fuinnimh de réir a chéile beagnach ina n-iomláine (glanchostas ag 0.1 % de OTI in 2024). Tá na meastacháin sin bunaithe ar an toimhde nach dtiocfaidh aon mhéaduithe an athuair ar phraghsanna fuinnimh.

(23) Le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, éilítear go ndéanfaí feabhas bliantúil ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, agus 0.5 % de OTI mar thagarmharc aige[13]. Agus breithnithe inbhuanaitheachta fioscaí á gcur san áireamh, bheadh sé iomchuí feabhas a chur ar chomhardú struchtúrach 0.3 % ar a laghad de OTI do 2024, de réir an Choimisiúin. Chun an feabhas sin a áirithiú, agus i gcomhréir le modheolaíocht an Choimisiúin, níor cheart go rachadh an fás ar ghlanchaiteachas príomhúil[14] arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024 thar 4.6 %, mar a léirítear sa Mholadh seo. An tráth céanna, ba cheart deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá fágtha (a mheasann an Coimisiún faoi láthair ag 1.8 % de OTI in 2023 iad) má cheadaíonn forbairtí sa mhargadh fuinnimh é sin agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh, agus ba cheart an coigilteas gaolmhar a úsáid chun an t-easnamh rialtais a laghdú. De réir mheastacháin an Choimisiúin, thiocfadh fás ar ghlanchaiteachas príomhúil faoi bhun an uasráta fáis atá molta do 2024 mar thoradh air sin.

(24) Ag glacadh leis nach dtiocfaidh aon athrú ar bheartais, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go dtiocfaidh méadú 4.0 % ar ghlanchaiteachas príomha a mhaoinítear go náisiúnta in 2024, rud atá faoi bhun an ráta fáis atá molta. Is lú an coigeartú a réamh-mheastar sa réamhaisnéis ón gCoimisiún ná an coigilteas a dhéanfar de bharr deireadh a chur le bearta tacaíochta fuinnimh go hiomlán, i ngeall ar chaiteachas atá ag brath ar fhorbairtí boilscithe in 2023, caiteachas ar phinsin, cúiteamh d'fhostaithe, agus roinnt sochar sóisialta, cuir i gcás, chomh maith le roinnt beart fuinnimh nár cuireadh deireadh leo go fóill.

---

**13** Ceanglaítear freisin le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 coigeartú is mó ná 0.5 % de OTI a dhéanamh i gcás Ballstát a bhfuil fiachas rialtais acu ar mó é ná 60 % de OTI, nó a bhfuil rioscaí níos suntasaí acu maidir le hinbhuanaitheacht fiachais.

**14** Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan caiteachas úis agus caiteachas dífhostaíochta timthriallaí san áireamh.

(25) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdóidh infheistíocht rialtais ó 3.5 % de OTI in 2023 go 3.4 % de OTI in 2024. Is lú an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta atá á déanamh ar an leibhéal náisiúnta.

(26) Leagtar amach i gClár Cobhsaíochta 2023 conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2026. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdóidh an t-easnamh rialtais ghinearálta de réir a chéile go 1.4 % de OTI in 2025 agus go 1.3 % faoi 2026. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go bhfanfaidh an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI thar thréimhse an Chláir. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 75.1 % ag deireadh 2024 go 71.4 % faoi dheireadh 2026. Tá meánrioscaí don inbhuanaitheacht fhioscach amach roimh an Ostair san fhadtéarma, arb iad is cúis leo go príomha brú a bheith ar an mbuiséad i ngeall ar an daonra dhul in aois (go háirithe, áirítear air sin caiteachas don chúram fadtéarmach agus don chúram sláinte atá ag méadú i rith an ama), agus fiachas méadaithe i ngeall ar bhearta chun dul i ngleic le hiarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta ghéarchéim COVID-19 agus géarchéim an fhuinnimh. Tá ganntanas lucht saothair san earnáil cúraim fhadtéarmaigh agus san earnáil cúraim sláinte freisin, a bhfuil baint i bpáirt acu le neamhtharraingteacht na hoibre sna hearnálacha sin. Maidir leis an bpacáiste athchóirithe cúraim a cuireadh chun feidhme le déanaí chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas lucht saothair, lena n-ardaítear pá agus lena gcuirtear aistrithe ar fáil do chúramóirí sa ghearrthéarma, is maith an chéim chun tosaigh é chun an ghairm a dhéanamh níos tarraingtí ach ardófar costais fhioscacha freisin. In 2021, mhol tascfhórsa um chúram fadtéarmach bearta chun feabhas a chur ar leordhóthanacht an chúraim agus an inbhuanaitheacht fhioscach á caomhnú an tráth céanna. Áirítear ar na bearta sin sásra rialaithe comhordaithe a bhunú le freagrachtaí soiléire arna sannadh ar fud leibhéil éagsúla rialtais, rud a chabhródh le cáilíocht agus inchomparáideacht an chaiteachais phoiblí a ardú, mar shampla, trí phrionsabail aonfhoirmeacha a shainiú le haghaidh taraifí maidir le seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh. Leis an gcaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair maidir leis an gcreat fioscach feidearálach, tugtar deis chun tacú le sásra den sórt sin a chur chun feidhme.

(27) Léiríodh go raibh an córas cúraim sláinte athléimneach le linn phaindéim COVID-19 sa deireadh thiar thall. Meastar, áfach, go dtiocfaidh méadú 1.2 pointe céatadáin de OTI ar an gcaiteachas ar chúram sláinte faoi 2070. Ina theannta sin, níor baineadh dóthain úsáide as bearta coisctheacha ná as cúram sláinte príomhúil othar seachtrach fós, cé go bhfuil go leor seirbhísí cúraim sláinte á gcur ar fáil fós ag ospidéil, rud atá costasach agus neamhéifeachtúil chun cúram a chur ar fáil. Cuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta le cúram sláinte príomhúil othar seachtrach a neartú, go háirithe trí thacú le hionaid cúraim sláinte phríomhúil nua agus na hionaid atá ann cheana i gceantair áitiúla. Mar sin féin, i bhfianaise ábhar imní maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach, beidh sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar othair a threorú tríd an gcóras sláinte ar bhealach comhsheasmhach, lena n-áirítear trína áirithiú go mbeidh úsáid níos ísle á baint as seirbhísí cúraim sláinte ospidéil nó sainseirbhísí othar seachtrach atá ann cheana mar thoradh ar infhaighteacht mhéadaithe na seirbhísí cúraim sláinte phríomhúil.

(28) Tá creat fioscach na hOstaire ag brath faoi láthair ar chóras casta aistrithe idir-rialtasacha idir údaráis fheidearálacha agus réigiúnacha, lena gcuirtear dreasachtaí teoranta ar fáil do chaiteachas poiblí éifeachtúil. Mar gheall ar an easpa neamhspleáchais chánach, bíonn cistiú caiteachais ar fud na n-údarás feidearálach ag brath go mór ar an gcóras sin. In 2022, ní raibh ach 7.2 % de na hioncaim phoiblí uile ina n-ioncam as a bhfoinsí féin ag na Stáit fheidearálacha[15]. An tráth céanna, braitheann seirbhísí bunriachtanacha mar shampla cúram sláinte, cúram leanaí agus infheistíocht in iompar poiblí go páirteach ar chaiteachas na Stát feidearálach agus na mbardas. Cuireann an t-athrú déimeagrafach agus an t-aistriú glas leis an mbrú ar an gcostas atá ar na Stáit fheidearálacha agus ar na bardais, cé nach bhfuil an t-ioncam as a bhfoinsí féin nasctha le dinimic an chaiteachais. Tá baol ann go mbeidh neamhéifeachtúlachtaí agus easpa trédhearcachta sa chreat fioscach atá ann faoi láthair, toisc go bhfágann sé nach bhfuil an nasc idir an t-ualach cánach agus caiteachas an rialtais soiléir. Tá sé ríthábhachtach ioncam as foinsí dílse a ailíniú níos fearr le caiteachas rialtais fo-lárnach agus trédhearcacht agus comhordú a neartú chun cáilíocht fhoriomlán an chaiteachais phoiblí a fheabhsú. Maidir le neamhspleáchas cánach réigiúnach a éascú d'fhéadfaí leas a bhaint as sin trí athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras cánach maoine chun feabhas a chur ar an bhfeidearálacht fhioscach agus ar an gcóras cánach foriomlán. Leis an gcaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair, a thosaigh go déanach in 2022, tugtar deis dul chun cinn a dhéanamh.

---

**15** Tagraíonn an figiúr seo d'fho-earnáil 1312 i gCóras Cuntas Eorpach 2010 (CEC).

(29) Tá scóip ann fós an t-ualach cánach a aistriú ón lucht saothair go foinsí ioncaim a chothóidh an fás agus a bheidh níos cuimsithí. Príomhthréith den chóras cánach is ea an t-ualach ard ar an lucht saothair a eascraíonn as cánacha párolla agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta, agus is fostaithe agus fostóirí araon a sheasann ranníocaíochtaí slándála sóisialta. Fágann sé sin gur deacair poist a chruthú agus a bheith rannpháirteach i margadh an tsaothair, go háirithe do dhaoine ar phá íseal agus don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh. An tráth céanna, foinsí eile ioncaim nach ndéanann a oiread dochair don fhás cothrom agus inbhuanaithe, mar shampla cánacha comhshaoil nó maoine, ní bhaintear a ndóthain úsáide astu fós, fiú tar éis athchóirithe a rinneadh le déanaí a chur san áireamh. Cuireann fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol bac ar an aistriú glas. Leis an athchóiriú ar cháin éiceashóisialta a rinneadh le déanaí, cuirtear faoiseamh cánach ar fáil do theaghlaigh agus do ghnólachtaí agus leagtar síos an bunús le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ a phraghsáil lasmuigh de raon feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE). Ina theannta sin, is athchóiriú suntasach é an t-innéacsú uathoibríoch ar cháin ioncaim phearsanta le boilsciú, ar athchóiriú é a laghdaíonn go mór an méadú ar ualach cánach ioncaim phearsanta na gcáiníocóirí trí bhogadh réime cánach. Ina ainneoin sin, tá dúshláin struchtúracha fós ann agus tá scóip ann an t-ualach ar an lucht saothair a laghdú a thuilleadh, chun borradh a chur faoi chruthú post agus faoi sholáthar an lucht saothair, go háirithe i gcás saothraithe ar ioncam íseal. Ach úsáid níos fearr a bhaint as cánacha atá fabhrach don fhás, d'fhéadfaí an tsaoirse buiséadach is gá a chruthú agus cothroime an chórais cánach a fheabhsú.

(30) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Tá sé bunriachtanach go rachfar ar aghaidh go pras le cur chun feidhme an phlean, mar an tSaoráid a bheidh i bhfeidhm go dtí 2026, is rud í atá sealadach. Tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire faoi lánseol. Thíolaic an Ostair aon iarraidh ar íocaíocht, a chomhfhreagraíonn do 44 gharsprioc agus sprioc sa phlean agus as ar eascair eisíocaíocht fhoriomlán EUR 700 milliún an 20 Aibreán 2023. Seachas an chéad iarraidh ar íocaíocht, tá an plean á chur chun feidhme go héifeachtach. Meastar go ndéanfaidh an Ostair iarraidh ar roinnt beart a mhodhnú i ngeall ar imthosca oibiachtúla, mar shampla méaduithe ar phraghsanna agus ganntanais sa slabhra soláthair. Tá caibidil nua REPowerEU á hullmhú freisin agus tá na húdaráis de chuid na hOstaire ag obair go dlúth le seirbhísí an Choimisiúin chun í a chur isteach go luath. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach go tapa sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na hOstaire i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean sin, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach agus éifeachtach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.

(31) D'fhormheas an Coimisiún doiciméid chlársceidealaithe uile na hOstaire maidir le beartas comhtháthaithe in 2022. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur i gcrích, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin san Ostair.

(32) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus sna cláir beartais comhtháthaithe, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an Ostair a bhaineann le margadh an tsaothair. Chuir córas láidir cosanta sóisialta na hOstaire agus bearta forleathana beartais teorainn le tionchar sóisialta phaindéim COVID-19. Tá ag éirí go maith leis an Ostair i dtaca leis an gcuid is mó de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, ach tá roinnt dúshlán fós ann. Áirítear go háirithe ar na dúshláin sin acmhainneacht an mhargaidh saothair nach bhfuil á húsáid a dóthain, sin é margadh saothair na mban, oibrithe ísealcháilithe, oibrithe níos sine agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo. Tá fadhbanna ar leith ag baint leis sin ó tharla go bhfuil easpa lucht saothair oilte ann. Dá mbainfí leas as acmhainneacht na ngrúpaí sin nach bhfuil á húsáid a dóthain, d'fhéadfaí an brú ar mhargadh saothair na hOstaire a laghdú.

(33) Cé go bhfuil ráta fostaíochta na mban san Ostair níos airde ná meán an Aontais, tá an dara ráta fostaíochta páirtaimseartha is airde le haghaidh ban ag an tír. D'oibrigh níos mó ná leath de mhná na hOstaire go páirtaimseartha in 2022 agus tá ró-ionadaíocht ag mná in earnálacha ar phá íseal. Léiríonn sé sin deis shuntasach chun rannpháirtíocht lánaimseartha na mban i margadh an tsaothair a mhéadú. Mar sin féin, toisc nach bhfuil cúram leanaí inacmhainne agus ar ardchaighdeán á sholáthar go leordhóthanach, go háirithe i gceantair thuaithe, tá sé dúshlánach do mháithreacha a bheith rannpháirteach ar bhealach níos gníomhaí i margadh an tsaothair. Tá ag an Ostair ceann de na rátaí is ísle de chúram leanaí foirmiúil do leanaí faoi bhun trí bliana d'aois san Aontas, agus níl ach 28 % de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, tá sé ríthábhachtach soláthar cúraim leanaí ar ardchaighdeán a mhéadú trí chaighdeáin cháilíochta a fheabhsú agus infhaighteacht a leathnú agus fostaíocht lánaimseartha a spreagadh, mar shampla trí dhreasachtaí cánach. Trí níos mó ban a thabhairt isteach in obair lánaimseartha, d'fhéadfaí cabhrú freisin leis an mbearna phá idir na hinscní atá fós ard san Ostair a dhúnadh, chomh maith leis an mbearna ard phinsin idir na hinscní, agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar ghanntanas sa mhargadh saothair.

(34) Tá acmhainneacht ann fós feabhas a chur ar chomhtháthú roinnt grúpaí faoi mhíbhuntáiste i margadh an tsaothair, go háirithe oibrithe ar bheagán oiliúna agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo. Tá thart ar 45 % de na daoine atá dífhostaithe san fhadtéarma san Ostair tar éis críochnú sa mheánscoil íochtarach ar a mhéad. Tá rannpháirtíocht i margadh an tsaothair i bhfad níos ísle i gcoitinne ag daoine de bhunadh imirceach ná mar atá ag cónaitheoirí dúchais, agus is minic a chinneann leibhéal ioncaim tuismitheoirí an leibhéal ioncaim a bheidh ag a leanaí san Ostair amach anseo. Cé go n-áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire bearta chun athsciliú agus uas-sciliú a chur chun cinn d'oibrithe ar bheagán oiliúna agus do dhaoine atá dífhostaithe san fhadtéarma, ní thugann na bearta sin aghaidh go hiomlán ar an bhfadhb bhunúsach rannpháirtíochta do dhaoine de chúlra imirceach agus d'oibrithe ar bheagán oiliúna. Chun an nasc idirghlúine leanúnach atá ag an Ostair idir torthaí oideachais tuismitheoirí agus a leanaí[16] a bhriseadh, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear oideachas luath-óige ardcháilíochta, scolaíocht lae agus bonneagar digiteach feabhsaithe ar fáil níos mó agus níos mó. D'fhonn imircigh a tháinig isteach sa tír le déanaí agus grúpaí eile faoi mhíbhuntáiste a lánpháirtiú, d'fhéadfadh scoileanna meantóireacht níos fearr a chur ar fáil do dhaoine aonair, d'fhéadfaí cúrsaí teanga a dhéanamh níos inrochtana agus d'fhéadfaí córas printíseachta na hOstaire a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí. An tráth céanna, tá sé bunriachtanach deiseanna leordhóthanacha a chur ar fáil don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, chun díriú ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste i ngach aoisghrúpa.

(35) Tá scóip ann feabhas a chur ar rannpháirtíocht oibrithe scothaosta i margadh an tsaothair, i.e. daoine idir 55 agus 64 bliana d'aois. Le déanaí, tá moill shuntasach tagtha ar an treocht fhadtéarmach maidir le rannpháirtíocht oibrithe scothaosta sa mhargadh saothair a mhéadú, agus tá ráta gníomhaíochta foriomlán na n-oibrithe scothaosta faoi bhun mheán an Aontais. Éireoidh sé níos tábhachtaí cúraimí na bhfostaithe a chur in oiriúint dá dtimthriall oibre is saoil agus freastal ar riachtanais daoine aonair atá ag dul in aois chun an daonra sin sa lucht saothair a choinneáil níos faide. Chuideodh dreasachtaí níos fearr chun síneadh a chur leis an aois scoir éifeachtach, mar shampla cánachas saothair níos ísle nó costais saothair neamhphá dóibh siúd atá ag obair ar feadh tréimhse níos faide, chun ganntanais i margadh saothair na hOstaire a mhaolú.

---

**16** Tuarascáil Faireacháin an Choimisiúin Eorpaigh ar Oideachas agus Oiliúint 2022 – tuarascáil tíre maidir leis an Ostair.

(36) Le hionradh na Rúise ar an Úcráin, léiríodh leochaileacht shlándáil an tsoláthair fuinnimh san Ostair. Cé gur éirigh leis an Ostair a spleáchas ar allmhairí gáis ón Rúis a laghdú, laghdú a bhí chomh hard le 57 % dá hallmhairí gáis iomlána in 2022 i gcomparáid le 80 % in 2021, tá siad fós i bhfad os cionn mheán an Aontais. Chun a fhoinsí fuinnimh a éagsúlú, thug an rialtas dreasachtaí airgeadais isteach do chuideachtaí chun gás a allmhairiú ó fhoinsí nach foinsí Rúiseacha iad agus bhunaigh sé cúlchiste straitéiseach gáis in 2022. Mar sin féin, tá dúshláin shuntasacha fós roimh an Ostair maidir le slándáil fuinnimh a áirithiú. Níl bealach gearrthéarmach fós ag an tír chun scaradh go hiomlán le hallmhairí gáis na Rúise. Thairis sin, níor baineadh dóthain úsáide as an acmhainneacht i dtáirgeadh agus i dtarchur gás in-athnuaite mar shampla hidrigin, go háirithe d'earnálacha agus do réigiúin atá leochaileach ó thaobh suaití ar an soláthar.

(37) In 2021, bhí sciar den fhuinneamh in-athnuaite san Ostair cothrom le 36 %, rud atá i bhfad os cionn mheán an Aontais. Le go mbainfear cuspóirí aeráide na hOstaire amach, lena n-áirítear aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2040, ní mór don tír an sciar sin a mhéadú a thuilleadh. Leis an athchóiriú a rinneadh in 2021 ar an Ionstraim um Fhoinsí In-athnuaite Fuinnimh thacaíocht, athchóiriú a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, cruthaíodh an creat chun an sciar den fhuinneamh in-athnuaite i dtomhaltas leictreachais a leathnú. Is é is aidhm don athchóiriú acmhainneacht bhliantúil giniúna leictreachais de 27 TWh ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a bhaint amach faoi 2030, rud a chuirfidh le sprioc na tíre tomhaltas leictreachais in-athnuaite 100 % a bhaint amach faoin mbliain sin, méadú ó 81 % atá ann faoi láthair in 2020. Mar sin féin, tá dúshláin fós le sárú ag leathnú breise foinsí in-athnuaite fuinnimh, mar shampla fad na pleanála spásúlachta agus na nósanna imeachta ceadaithe, roinnt cumhachtaí chasta idir na rialtais fheidearálacha agus réigiúnacha agus saincheisteanna foirne sa chóras riarachán. Tá an Ostair tar éis an chéad chéim a ghlacadh chun measúnú tionchair comhshaoil atá níos cuíchóirithe a thabhairt isteach do thionscadail fuinnimh in-athnuaite. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Ostair criosú spásúlachta a ailíniú níos fearr lena spriocanna maidir leis an aistriú glas, saincheisteanna a bhaineann le soláthar foirne a shocrú agus infheistíocht i mbonneagar líonraí mar shampla stóráil, dáileadh agus tarchur a mhéadú. Bhainfeadh leathnú an fhuinnimh in-athnuaite tairbhe freisin as cur i bhfeidhm limistéar tiomnaithe le haghaidh dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh (go háirithe fuinneamh gaoithe) agus nósanna imeachta ceadanna atá gearr agus simplí a úsáid, agus as an bhfuinneamh in-athnuaite a aithint mar leas sáraitheach poiblí, i gcomhréir leis na spriocanna fuinnimh in-athnuaite atá níos uaillmhianaí sa phacáiste 'Oiriúnach do 55' agus i bplean REPowerEU. Ina theannta sin, d'fhéadfaí féachaint ar foinsí breise fuinnimh in-athnuaite, mar shampla fuinneamh geoiteirmeach, a thuilleadh.

(38) Tháinig laghdú 19 % ar thomhaltas gáis nádúrtha na hOstaire sa tréimhse idir Lúnasa 2022 agus Márta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin, thar an sprioc laghdaithe 15 %. D'fhéadfadh an Ostair leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh an t-éileamh ar ghás a laghdú go sealadach go dtí an 31 Márta 2024 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle[17]. Ina theannta sin, má mhéadaítear leibhéal na huaillmhéine maidir le héifeachtúlacht fuinnimh in earnáil na tógála agus in earnáil na tionsclaíochta, laghdófar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise. I straitéis athchóirithe fhadtéarmach na hOstaire, leagtar amach garspriocanna soiléire do 2050 agus tá sé d'aidhm aici dícharbónú 80 % a dhéanamh ar a stoc foirgneamh. Tá sé d'aidhm ag a plean téarnaimh agus athléimneachta deireadh a chur de réir a chéile le coirí úsáidte breosla iontaise san earnáil tógála agus cuirfear teicneolaíocht téimh in-athnuaite nó téamh ceantair ina n-ionad. Mar sin féin, níl spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 na hOstaire uaillmhianach go leor chun cuspóirí phacáiste 'Oiriúnach do 55' agus phlean REPowerEU a bhaint amach. Maidir le Dlí nua maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, a bhfuiltear ag súil leis in 2023 agus a bhfuil sé d'aidhm aige tomhaltas deiridh fuinnimh a laghdú 18 % faoi 2030, ba cheart dó aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin. Ar an iomlán, beidh sé bunriachtanach don Ostair dlús a chur leis an infheistíocht in athchóiriú domhain foirgneamh, foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in ionad breoslaí iontaise i dtéamh, agus bainistiú níos fearr a dhéanamh ar thomhaltas fuinnimh trí dhigitiú fóntas (mar shampla méadair chliste agus teirmeastait). Ina theannta sin, beidh sé ríthábhachtach go gcuirfear deireadh leis an moill faoi láthair ag a bhfuil athchóiriú teirmeach á dhéanamh ar fhoirgnimh. Beidh cur chun feidhme tráthúil an Dlí maidir le Téamh In-athnuaite, athchóiriú suaitheanta i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire, ríthábhachtach chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin.

17 Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

(39) Mar chuid den aistriú glas, áireofar freisin an laghdú ar astaíochtaí i roinnt earnálacha, go háirithe iad siúd a eascraíonn as iompar, toisc gur earnálacha iad ina bhféadfaí astaíochtaí a laghdú ar bhonn suntasach. Faoi láthair, is tábhachtach an Ostair mar thír idirthurais don iompar lasta bóthair trasalpach. D'ainneoin roinnt infheistíochtaí iompair inbhuanaithe faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire, beidh sé bunriachtanach astaíochtaí a bhaineann le hiompar a laghdú a thuilleadh, agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar bhochtaineacht iompair, chun aeráidneodracht a bhaint amach. Beidh sé ríthábhachtach freisin réitigh bhreise iompair a fhorbairt, mar shampla an 'míle deireanach' agus roghanna malartacha ar úsáid gluaisteán a nascadh, go háirithe i gceantair thuaithe.

(40) Tá scrogaill á gcruthú san aistriú chuig geilleagar glan-nialasach i ngeall ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear monarú, imlonnú agus cothabháil teicneolaíochtaí glan-nialasachta. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear lánpháirtiú an lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil a fhreagraíonn d'athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Chun leas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe le haghaidh daoine aonair agus sna hearnálacha agus sna réigiúin is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. In 2022, tuairiscíodh go raibh ganntanais lucht saothair san Ostair le haghaidh 17 ngairm bheatha ina dteastaíonn scileanna nó eolas sonrach don aistriú glas, lena n-áirítear teicneoirí innealtóireachta sibhialta, díonadóirí agus innealtóirí meicniúla. Faoina máistirphlean do phoist ghlasa, tá ardán post glas tugtha isteach ag an Ostair chun cabhrú le freastal ar an éileamh ar lucht saothair, agus ar an soláthar. Beidh sé ríthábhachtach an máistirphlean sin a chur chun feidhme chun aistriú tráthúil chuig an ngeilleagar glas a áirithiú. Ina Plean Gníomhaíochta um Aistriú Cóir maidir le hoiliúint agus athsciliú, tá bearta leagtha amach ag an Ostair chun feabhas a chur ar sholáthar lucht saothair oilte in earnáil an fhuinnimh in-athnuaite, uas-sciliú an lucht saothair a dhreasú agus caighdeáin oideachais a fheabhsú.

(41) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, rinne an Chomhairle scrúdú ar Chlár Cobhsaíochta 2023 agus léirítear a tuairim[18] i moladh (1).

(42) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun (i) inbhuanaitheacht fiachais a chaomhnú agus staonadh ó thacaíocht leathan a thabhairt don éileamh comhiomlán in 2023, spriocdhíriú níos fearr a dhéanamh maidir leis na bearta fioscacha arna nglacadh chun tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh a mhaolú, agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí iomchuí chun an tacaíocht a laghdú de réir mar a laghdaíonn an brú ó thaobh praghsanna fuinnimh de; (ii) leibhéal ard infheistíochta poiblí a choinneáil ar bun agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach; (iii) tacú le forbairtí pá a mhaolaíonn an caillteanas ó thaobh cumhacht ceannaigh de agus srian a chur ag an am céanna ar éifeachtaí indíreacha ar an mboilsciú, sin agus tuilleadh feabhais a chur ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair mar aon le dul i ngleic le ganntanais scileanna; (iv) feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus a áirithiú go bhfuil an tacaíocht fuinnimh a thugtar do chuideachtaí costéifeachtúil, sealadach agus spriocdhírithe ar ghnólachtaí inmharthana, agus go bhfuil dreasachtaí le haghaidh an aistrithe ghlais ag baint léi i gcónaí; agus (v) cobhsaíocht mhacrairgeadais a chaomhnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí, agus leanúint ag an am céanna den obair chun an t-aontas baincéireachta a chur i gcrích. I gcás na hOstaire, rannchuidíonn moltaí (1), (2), (3) agus (4) le cur chun feidhme an chéad, an dara agus an tríú moladh a leagtar amach i Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro,

[18] Faoi Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle.

Ag MOLADH LEIS SEO go rachaidh an Ostair i mbun gníomhaíocht in 2023 agus 2024 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Deireadh a chur leis an bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm, agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, a áirithiú go ndírítear bearta tacaíochta den sórt sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh.

   Beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 4.6 %[19] a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024.

   Infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú.

   Don tréimhse tar éis 2024, leanfaidh siad de straitéis fhioscach mheántéarmach a shaothrú maidir le comhdhlúthú de réir a chéile agus inbhuanaithe, mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá fabhrach d’fhás inbhuanaithe níos airde, chun staid fhioscach mheántéarmach stuama a bhaint amach.

   A áirithiú gur leordhóthanach agus gur inbhuanaithe an córas cúraim fhadtéarmaigh agus an córas cúraim sláinte ar bhonn fioscach. Gaolmhaireachtaí fioscach agus freagrachtaí fioscacha a shimpliú agus a réasúnú ar fud earnálacha rialtais agus freagrachtaí airgeadais agus caiteachais a ailíniú. Feabhas a chur ar an meascán cánach chun tacú le fás cuimsitheach, inbhuanaithe.

2. Leanúint dá plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go seasta agus bailchríoch a chur go tapa ar chaibidil REPowerEU d’fhonn tús a chur lena chur chun feidhme go tapa. Leanúint ar aghaidh de bheith ag cur cláir beartais comhtháthaithe chun feidhme go tapa, i ndlúthchomhlántacht agus i sineirgíocht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

---

[19] Meastar go gcomhfhreagraíonn sé sin d’fheabhas bliantúil de 0.3 % de OTI ar a laghad ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh do 2024, mar a thuairiscítear in aithris 23.

3. Borradh a chur faoi rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair, lena n-áirítear trí sheirbhísí cúraim leanaí ar ardchaighdeán agus oibrithe scothaosta a fheabhsú. Feabhas a chur ar thorthaí mhargadh an tsaothair do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, mar shampla cuardaitheoirí poist ar bheagán oiliúna agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo, lena n-áirítear trína leibhéil bunscileanna a ardú.

4. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus foinsí soláthair gáis a éagsúlú chun spleáchas ar an Rúis a laghdú ar bhonn suntasach. Dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite agus leis an mbonneagar is gá, go háirithe trí nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú agus trí limistéir tiomnaithe le haghaidh dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh. Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Astaíochtaí a laghdú, go háirithe in earnáil an iompair. Cur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus na n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*